RÁITEAS STRAITÉISE 2008-2010

Revenue

Ráiteas Straitéise 2008-2010
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

CLÁR

3 Réamhrá

5 Ár Misean agus Ár Spriocanna

6 Comhthéacs Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim

12 Scála agus Méadú ar Ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim 2001-2006

13 Sprioc 1 - A Chinntiú go gComhlíonfaidh gach Duine lena bhFreagrachtaí Cánach agus Custaim

19 Sprioc 2 - Seirbhís nualach d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thacóidh lenár gcustaiméirí go léir

23 Sprioc 3 - Cur le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtíocht éifeachtach go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta araon

29 Sprioc 4 - Ár bhfoireann, ár bpróisis agus ár dteicneolaíocht a fhorbairt lena chinntiú gur eagraíocht chumasach sinn a thugann aird ar riachtanais agus a bhíonn dírithe ar thorthaí a bhaint amach

35 Cuntas a Thabhairt ar ár bhFeidhmíocht

Is féidir tuilleadh cóipeanna den leabhrán seo a fháil ó:

Aonad Preas agus Caidrimh Phoiblí
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: (01) 7024113
Faics: (01) 6792035
Ríomhphost: pressoffice@revenue.ie

Tá siad ar fáil freisin trí ghréasán na gCoimisinéirí Ioncaim: www.revenue.ie

ISNN Uimh. 1393-6514
PRN Uimh. A8/0142

Réamhrá

Nuair a d'fhoilsíomar ár gcúigiú Ráiteas Straitéise i mí Eanáir 2005 shoiléiríomar gurbh iad na príomhchuspóirí a bhí againn feabhas a chur ar chomhlíonadh agus bailiú ioncaim a uasmhéadú. Creidimid gur éirigh linn an dá chuspóir sin a sheachadadh i rith na dtrí bliana seo caite agus rinneamar sin trí dhíriú ar sheachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán agus trí idirghabhálacha comhlíonta riosca-bhunaithe.

Ní bheadh na cuspóirí sin bainte amach againn murach nuachóiriú leanúnach ar eagraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim agus, mar is gnách, murach sár-iarrachtaí na foirne gairmiúla agus tiomanta.

Ní bheidh aon athrú ar bhunús ár gcur chuige straitéise sna trí bliana atá amach romhainn. Beidh athrú ann, áfach, sa timpeallacht seachtrach ina n-oibrímid.

Beidh an moilliú ar an bhfás eacnamaíoch a bhfuiltear ag súil leis ina dhúshlán dúinn, ní hamháin maidir le bailiú ioncaim ach maidir lena chinntiú go mbeidh fíor-ionchur againn ó thaobh feabhas a chur ar iomaíochas gheilleagar na hÉireann agus ó thaobh fás gnó a éascú, infheistíocht isteach san áireamh. De bharr athrú ar an tsochaí tagann an fhírinne nua-aimseartha maidir le méadú ar mhí-úsáid drugaí agus dúshlán nach beag dár Seirbhís Custaim maidir le cosc a chur ar sholáthar mídhleathach.

Inár dtimpeallacht inmheánach is í an ghné is lárnaí maidir le trí bliana rathúla eile a bhaint amach ná cur leis an méid atá bainte amach againn cheana trí sheirbhís d'ardchaighdeán agus tríd an gcur chuige riosca-bhunaithe. Déanfar mionchóiriú agus nuáil leathan i ngach ceann de na réimsí sin.

Sa réimse seirbhíse, mar shampla, breathnóimid ar sheachadadh seirbhíse níos sainoiriúnaithe agus brúfaimid clár oibre simplithe chun cinn a éascóidh comhlíonadh do cháiníocóirí gnó agus pearsanta araon.

Sa réimse riosca bainfimid níos mó agus níos mó úsáide as na sonraí agus an teicneolaíocht atá ar fáil dúinn chun díriú ar neamh-chomhlíonadh agus chun na tionchair ar cháiníocóirí comhlíonta a íoslaghdú. Tá sé beartaithe againn dul sa tóir go dlúth ar dhúshláin don bhonn cánach ó dhianseachaint cánach agus leanfaimid orainn ag cur leis an líon ionchúiseamh d'imghabháil cánach agus custaim tromchúiseach.

Tá riaradh cánach agus custaim éifeachtach ag croílár bunshraith fhioscach, shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann. Dá bhrí sin, tá muinín an phobail as na Coimisinéirí Ioncaim ríthábhachtach agus tá luach againn ar chlú a bheith orainn mar eagraíocht dhearfach "inoibrithe" atá cothrom agus eiticiúil agus a chuireann a cuid oibre i gcrích trí nuáil.

Tá sé beartaithe againn cur leis an gclú sin thar saolré an Ráitis Straitéise seo – ceann a stiúrfaidh muid go dtí deireadh an chéad deich mbliana den Mhílaois nua.

Josephine Feehily
Cathaoirleach

Michael O'Grady
Coimisinéir

Liam Irwin
Coimisinéir

Caisleán Bhaile Átha Cliath
Bealtaine 2008

Ár Misean agus Ár Spriocanna

ÁR MISEAN

Chun freastal ar an bpobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custaim a fheidhmiú.

ÁR SPRIOCANNA

SPRIOC 1
A Chinntiú go gComhlíonfaidh Gach Duine a bhFreagrachtaí Cánacha agus Custaim

SPRIOC 2
Seirbhís nuálach d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thacóidh lenár gcustaiméirí go léir

SPRIOC 3
Cur leis an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch trína bheith rannpháirteach go héifeachtach ar bhonn Náisiúnta agus idirnáisiúnta araon

SPRIOC 4
Ár nDaoine, ár bPróisis agus ár dTeicneolaíocht a fhorbairt lena chinntiú gur Eagraíocht muid a bheidh Cumasach, Freagrach agus Dírithe ar Thorthaí

Comhthéacs Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim

TÁ TÁBHACHT LEIS AN MÉID A DHÉANANN NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM

Tá páirt ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim, mar Eagraíocht Cánach agus Custaim na hÉireann i ndaingniú na mbonn fioscach, sóisialta agus eacnamaíoch. Trína ról bailiúcháin cánach agus ranníocaíochtaí árácháis shóisialaigh seachadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim formhór na n-acmhainní a chuireann ar chumas Rialtas cláir agus seirbhísí a sholáthar a chuirfidh feabhas ar chaighdeán saoil mhuintir na hÉireann. Is uirlis eacnamaíoch í cáin chomh maith trína bhféachfaidh Rialtais forbairt a dhéanamh ar an ngeilleagar, atreorú a dhéanamh ar acmhainní agus tionchar a imirt ar iompair.

Tá Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim sa líne tosaigh sa troid in aghaidh smuigléireacht drugaí agus in aghaidh allmhairiú mídhleathach contrabhanna agus earraí góchumtha. Ag an am céanna éascaíonn an tSeirbhís Chustaim gluaiseacht réidh thrádáil dlisteanach earraí isteach agus amach as an tír – tá éascú trádála tábhachtach go háirithe i ngeilleagar beag oscailte ar nós geilleagar na hÉireann.

NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM AGUS AN POBAL

Braitheann na córais nua-aimseartha cánach agus custaim ar ghnáthaimh chomhlíonta láidre pobail. Is é ár bpríomhchuspóir straitéise an leas is fearr a bhaint as an leibhéal comhlíonta "deonach" sin. Bíonn an pobal ag súil – agus go deimhin éilíonn sé – go gcomhlíonfadh daoine agus gnólachtaí a n-oibleagáidí cánach agus custaim go hiomlán anois. Tá tuiscint níos fearr ann chomh maith ar an tionchar diúltach a bhíonn ag imghabháil cánach agus seachaint cánach ar án n-ábaltacht seirbhísí riachtanacha a mhaoiniú. As sin, beidh an pobal ag súil go dtacóidh na Coimisinéirí Ioncaim leo agus go gcuirfidh siad ar an eolas iad, ní hamháin maidir lena n-oibleagáidí comhlíonta, ach maidir lena dteidlíochtaí, mar shampla, chun creidmheasanna cánach agus chun faoisimh eile a bheidh ar fáil. Tá dul chun cinn maith déanta againn sa réimse seo agus tá pleananna againn fiú níos mó a dhéanamh sa neastodhchaí.

IDIRGHABHÁLAITHE

Braitheann riarachán cánach agus custaim nua-aimseartha go mór ar idirghabhálaithe: na fostóirí a fheidhmíonn an córas ÍMAT; na cuntasóirí, na dlíodóirí agus daoine eile i bpobal na gcleachtóirí cánach a chuireann seirbhísí comhairle agus comhlíonta ar fáil; na last-seoltóirí agus na gníomhairí custaim a láimhseálann formhór na n-allmhairí agus na n-onnmhairí; na comhlachais trádála agus na comhlachtaí ionadaíochta a bhfuil sé ar a gcumas feidhmiú mar éascaitheoirí lárnacha agus mar dhaoine a mbeadh tionchar acu maidir leis na hearnálacha a ndéanann siad ionadaíocht orthu. Braitheann córais nua-aimseartha cánach agus custaim ar ghnáthaimh phobail láidre ó thaobh comhlíonta. Is é an príomhchuspóir straitéise atá againn ná leibhéal "deonach" an chomhlíonta sin a uasmhéadú. Bíonn an pobal ag súil – agus go deimhin ag éileamh – go gcomhlíonfaidh daoine agus gnólachtaí go hiomlán lena n-oibleagáidí cánach agus custaim. Tá níos mó feasachta faoin tionchar diúltach a bhíonn ag imghabháil cánach agus ag seachaint cánach ar ár gcumas seirbhísí riachtanacha a mhaoiniú. Bíonn an pobal ag súil, mar sin, go gcabhróidh na Coimisinéirí Ioncaim leo, agus go gcuirfidh siad ar an eolas iad, ní hamháin faoina n-oibleagáidí, ach faoina dteidlíochtaí freisin, mar shampla teidlíochtaí ar chreidmheasanna cánach agus ar fhaoisimh eile atá ar fáil. Ta dul chun cinn maith déanta againn sa réimse seo agus tá pleananna againn fiú níos mó a dhéanamh sa neastodhchaí.

Cláir Rialtais

Ní i bhfolús a fheidhmíonn riarachán cánach agus custaim; oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile leis na straitéisí agus na polasaithe a leagadh amach sna cláir aontaithe a chur chun cinn.

Is é an Clár Comhaontaithe don Rialtas "Treoirphlean do Thodhchaí na hÉireann 2007-2012" an comhthéasc straitéise don Ráiteas seo. Oibreoidh na Coimisinéirí Ioncaim chun gach uile ghné den Chlár seo a bhaineann lenár n-oibríochtaí a fhorbairt, chun tacú leo agus chun iad a fheidhmiú, go háirithe iadsan a eascraíonn as an gclár oibre leasaithe cánach (lena n-áirítear bearta nua chun tacú leis an gcomhshaol), saothar an Choimisiúin ar Chánachas agus as athchóiriú rialála.

Cuireann an Ráiteas seo an creat straitéise i "I dTreo 2016" agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta san áireamh chomh maith. Oibreoidh na Coimisinéirí Ioncaim go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus le Ranna agus gníomhaireachtaí cuí eile chun fíorú na gclár oibre a leagadh amach sna cláir seo agus i gcláir aontaithe eile a chur chun cinn.

An Timpeallacht atá ag Athrú

Le cúpla bliain anuas, chuir na Coimisinéirí Ioncaim iad féin in oiriúint agus rinne siad athstruchtúrú chun dul i ngleic leis na dúshláin a thagann le timpeallacht atá ag athrú go gasta. Taobh amuigh d'athchóiriú reachtaíochta suntasach i ndáil le cáin agus custam a chur i bhfeidhm, áirítear ar dhúshláin na gCoimisinéirí Ioncaim: ardú neamhghnách inár ngnó (féach Tábla ar Leathanach 12); bainistiú a dhéanamh ar impleachtaí cánach an fháis i saibhreas an duine aonair; bainistiú a dhéanamh ar chastacht mhéadaithe na samhlacha gnó; teicneolaíocht nua; fórsa saothair athraitheach atá faoi thionchair inimirce ar mhórscála agus patrúin oibre nua; agus ionchais athraitheacha ár gcustaiméirí agus ár bhfoirne.

TIONCHAR FHÁS EACNAMAÍOCH NÍOS MOILLE

Is dócha go dtiocfaidh moill ar an ráta fáis eisceachtúil a bhí i líon ár gcustaiméirí agus i méid ár ngnó le blianta beaga anuas thar tréimhse an Ráitis – ag teacht leis an meath atá tuartha maidir le fás eacnamaíoch (tá meán de 3.3% measta thar an tréimhse 2008-2010[1]). Is dóigh go gcothóidh fás laghdaithe dúshlán níos mó maidir lenár n-iarrachtaí bailithe fiacha agus maidir lenár spriocanna rátaí comhlíonta tráthúla a bhaint amach.

1 An Roinn Airgeadais, Buiséad 2008

IOMAÍOCHAS AGUS IDIRNÁISIÚNTA

D'fhéadfadh sé go mbeadh páirt mhór ag caighdeán bainistíochta chórais cánach agus custaim na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le feabhas a chur ar iomaíochas gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear infheistíocht isteach a éascú. Tá simpliú, soiléireacht a chur ar fáil ar léirmhíniú na gcód cánach agus custaim, agus leathnú a dhéanamh ar ár líonra conarthaí cánach mar chuid den chlár oibre iomaíoch seo.

Leanann slándáil i dtrádáil idirnáisiúnta de dhúshláin áirithe a chur romhainn. Tá sé mar aidhm againn tionchar a bheith againn ar pholasaithe sa réimse seo ar bhealach a éascóidh trádáil dhlisteanach a mhéid agus is féidir, comhsheasmhach lenár bhfreagrachtaí slándála agus frithsmuigléireachta.

Go hidirnáisiúnta, tá clár oibre suntasach ag leibhéal an AE agus in eagraíochtaí eile chomh maith (ar nós an OECD agus an WCO) ar shaincheisteanna custaim agus cánach, lena n-áirítear comhoibriú tras-teorann. I gcomhair leis an Roinn Airgeadais féachfaimid le tionchar a bheith againn ar fhorbairt an chláir oibre agus suíomh na hÉireann a chur in iúl i ndáil le saincheisteanna tábhachtacha idirnáisiúnta.

TEICNEOLAÍOCHT

Tá réitigh bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) curtha i gcrích againn cheana féin chun ár gcórais a shimpliú, chun costais a laghdú agus chun luas a chur le seachadadh ár seirbhísí. Breathnaítear go forleathan ar ár Seirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) mar cheann de na córais chódaithe agus íocaíochta cánach ar-líne is fearr ar an domhan. Déanfaimid breis infheistíochta in úsáid ICT le níos mó roghanna seirbhíse fós a chur ar fáil chomh maith le rochtain níos fearr agus níos tapúla ar ár seirbhísí, go háirithe trí mhodhanna leictreonacha, don phobal agus do ghnólachtaí.

SEACHADADH SEIRBHÍSE NÍOS SAINOIRIÚNAITHE

Tá éilimh mhéadaithe ar fhoirmeacha seachadta seirbhíse níos sainoiriúnaithe agus níos pearsanaithe – ag cur san áireamh go mbíonn roghanna difriúla ag daoine, mar shampla, i ndáil leis na bealaí cumarsáide ar mian leo a úsáid, nó ceapadh agus ábhar na faisnéise agus na cumarsáide. Tá foinse ar mhórán sonraí ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi chustaiméirí a bhféadfaí a úsáid le cumarsáid agus feachtais faisnéise a oiriúnú agus a dhíriú, lena n-áirítear éilimh ar fhaoisimh nó ar chreidmheasanna cánach a spreagadh in imthosca cuí. Scrúdóimid na féidéarthachtaí a bhaineann le teicnící scagtha, teicnící analise agus teicnící eile le seachadadh seirbhíse níos sainoiriúnaithe a chur ar fáil.

NÍOS MÓ FÓCAIS AR RIOSCA

Le blianta anuas, tá níos mó fócais á leagan againn orthusan a mbaineann an riosca comhlíonta is mó leo. Tá sé i gceist againn an fócas sin a threisiú. Tá ár gcóras scórála riosca, rial-bhunaithe, ríomhaire-bhunaithe, an Córas Meastóireachta Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP) lárnach dár gcur chuige córasach chun dul i ngleic le riosca. Bainfimid úsáid as REAP mar an phríomhuirlis le haghaidh roghnú cáis iniúchta, le hearnálacha nó teascáin ardriosca inár mbonn cáiníocóirí a aithint, agus le cásanna neamhdhearbhaithe ioncaim, gnóchan agus idirbheart incháinithe eile ar dóigh a bheidh ann a aithint.

Forbróimid cláir iniúchta agus comhlíonta nua chomh maith le réimsí rioscaí atá ag teacht chun cinn a chlúdú, lena n-áirítear cánacha ar tháinig fás suntasach orthu le blianta anuas (ar nós Cáin Ghnóthan Caipitiúil agus Dleacht Stampa) agus an "earnáil ÍMAT", áit a bhféadfadh an riosca a bhaineann le hioncaim nó gnóchaín neamhdhearbhaithe ardú i gcomhréir le hathruithe ar phróifíl na hearnála sin.

IMGHABHÁIL AGUS SEACHAINT CÁNACH

Cuirfidh an cur chuige riosca-bhunaithe seo, i gcomhair le húsáid níos sofaisticiúla a bhaint as faisnéis tríú páirtí lenár gcumas imghabháil cánach a aithint agus lenár gcumas aghaidh a thabhairt uirthi.

Leanann dian-imghabháil cánach agus úsáid neamhbheartaithe reachtaíochta d'fhíor-rioscaí a chur os comhair an bhoinn chánaigh agus os comhair cothroime an chórais chánach. Tá sé beartaithe againn ár n-iarrachtaí a threisiú le dúshlán a thabhairt do shocruithe mar sin, lena n-áirítear réitigh reachtaíochta a mholadh nuair is cuí.

TOIRMEASC DRUGAÍ

Tugann an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta tosaíocht do chur in aghaidh mhí-úsáid substaintí trí fhócas comhchuibhithe ar laghdú soláthair, ar chosc, ar chóireáil agus ar thaighde. Tá na Coimisinéirí Ioncaim, trína Seirbhís Custaim go háirithe, tiomanta maidir le cur go mór leis an gcuspóir seo trí thoirmeasc éifeachtach ar dhrugaí. Chun na críche sin, forbróimid plean straitéiseach sonrach do thoirmeasc drugaí chun an tréimhse 2008-2010 a chlúdach.

Ár n-Eagaraíocht

NUACHÓIRIÚ

Táimid ag súil go dtreiseoidh clár leanúnach nuachóirithe na hearnála poiblí, go háirithe d'fhonn seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal. Áirítear earcaíocht oscailte ag leibhéil shinsearacha, níos mó úsáide a bhaint as na próisis iomaíocha d'ardú poist, eisfhoinsiú oibre, seirbhísí roinnte agus réimse bearta le tacú le soghluaiseacht agus le pleanáil fhórsa saothair níos fearr ar na bearta nuachóirithe a chuirfear i bhfeidhm faoi théarmaí "I dTreo 2016".

Tá an clár nuachóirithe á tiomáint chomh maith trí thionscnaimh ar nós Athbhreithniú an OECD ar Sheirbhís Phoiblí na hÉireann, an Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil a d'aontaigh an Rialtas i 2007 agus an tAthbhreithniú Éifeachtachta a fógraíodh i mBuiséad 2008.

Bhí na Coimisinéirí Ioncaim chun tosaigh le blianta anuas maidir le nuachóiriú agus athstruchtúrú a dhéanamh ar héifeachtachtaí agus maidir le hiad a bhaint amach. Beidh páirt ghníomhach agus dearfach againn sna cláir sin go léir.

DÍLÁRÚ

Tá páirt mhór ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcur i bhfeidhm clár díláraithe an Rialtais. Le linn saolré an Ráitis seo osclóimid oifigí díláraithe nua i mBaile Átha Í, san Uaimh agus sa Chaisleáin Nua, agus cuirfimid pleanáil dár dtiomantas díláraithe breise go Cill Dara chun cinn.

ÁR BHFOIREANN

Ní fhíorófar na cuspóirí a leagaimid amach dúinn féin sa phlean seo gan tiomantas, cumas teicniúil agus ionracas ár bhfoirne. Leanfaidh comhpháirtíocht lenár bhfoireann agus lenár gceardchumainn de bheith ina gné thábhachtach de bhainistiú ár n-eagraíocht.

Tá dúshláin áirithe os ár gcomhair sa tréimhse atá amach romhainn ag éirí as ráta láimhdeachais foirne níos airde ná mar is gnách. Ainmneoimid na bearnaí criticiúla inár gcumais agus cuirfimid struchtúir i bhfeidhm lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na bearnaí sin. Éileoidh sin polasaithe nua a chuirfidh ar ár gcumas foireann ardcháilithe ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

Treoracha agus Tosaíochtaí 2008-2010

Ag tógáil ar thoradh sásúil ár dtreo straitéisigh go dtí seo, táimid ag súil leis na treoracha agus na tosaíochtaí suntasacha nua seo a leanas a theacht aníos sa chéad trí bliana eile:

- Cuirfimid i bhfad níos mó fócas ar riosca mar bhonn chun díriú ar idirghabhálacha iniúchta agus idirghabhálacha eile, agus leathnóimid ár gcláir chomhlíonta agus iniúchta traidisiúnta go réimsí rioscaí nua atá ag teacht chun cinn.
- Cuirfimid níos mó béim ar ionchúisimh as imghabháil tromchúiseach cánach agus custaim.
- Cuirfimid lenár gcumas bagairtí ar an mbonn cánach ó dhianseachaint cánach a aithint agus dúshlán a thabhairt dóibh.
- Cuirfimid fócas ar leith ar dhul i ngleic leis an mbagairt smuigléireacht drugaí atá ag dul i méid.
- Cuirfimid seirbhís seachadta níos sainoiriúnaithe ar fáil chomh maith le cumarsáid agus faisnéis a bheidh dírithe níos fearr.
- Cuirfimid dlús leis an gclár oibre simplithe sa dóigh is go mbeidh comhlíonadh níos éasca agus go mbeidh sé níos éasca éileamh a dhéanamh ar theidlíochtaí.
- Cinnteoimid go nglacfaimid ár bpáirt i dtimpeallacht a chruthú a chuirfidh fás eacnamaíoch chun cinn agus a chuirfidh feabhas ar iomaíochas na hÉireann.
- Beimid níos éifeachtaí, ag déanamh níos mó le níos lú, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht agus seachadadh seirbhíse leictreonach.
- Díreoimid ar na príomhbhearnaí scileanna agus cumais inár n-eagraíocht.

Déanfar monatóireacht ar na cuspóirí, ar na straitéisí agus ar na táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa Ráiteas seo agus cuirfear in oiriúint iad i bhfianaise forbairtí agus imthosca nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar na chéad trí bliana eile. Leanfaimid de luach a chur ar an tsolúbthacht atá léirithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go dtí seo maidir le haghaidh a thabhairt ar athrú.

Scála agus Méadú ar Ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim 2001-2006

Tábla 1: Clárúcháin	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
CBL	234,104	287,171	+23%
Fostaíochtaí ÍMAT	2.1 million	2.58 million	+23%
Féin-Mheasúnú (Cáin Ioncaim)	385,931	580,088	+50%
Cuideachtaí	114,837	149,261	+30%

Tábla 2: Teagmhálacha	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
Glaoiteoirí Pearsanta	678,954	946,427	+39%
Glaoiteoirí Teileafóin	4.38 million	6.37 million	+45%
Cuairteanna ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie)	12,002,304*	13,032,732	+9%

Tábla 3: Míreanna Oibre Próiseálaithe	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
Comhfhreagras	2,674,394	3,491,678	+31%
Íocaíocht míreanna a fuair an tArd-Bhailitheoir	2,810,907	4,484,156	+59%
Athbhreithnithe ÍMAT Fostaí	491,253	1,179,643	+140%

Tábla 4: Tuairisceáin agus Dearbhuithe	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
Tuairisceáin CBL3	928,561	1,339,697	+44%
Tuairisceáin Fostaithe (P35)	182,000	214,231	+18%
Tuairisceáin Cháin Ioncaim (féin-mheasúnaithe)	475,666	466,692	-1.9%
Tuairisceáin Cháin Chorparáide	89,620	126,698	+41%
Dearbhuithe Custaim	854,572	935,785	+10%
Tuairisceáin Cháin Fháltas Caipitiúil	12,583	24,574	+95%

Tábla 5: Aisíocaíochtaí	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
Éilimh CBL Faighte	258,236	336,285	+30%
Aisíocaíochtaí Cháin Ioncaim	139,402	197,341	+42%
Aisíocaíochtaí Cháin Chorparáide	15,508	25,709	+66%
Éilimh Aisíoctha le Neamhchónaithigh	5,250	17,128	+226%

Tábla 6: Ilghnéitheach	Líon in 2002	Líon in 2007	% +/- 2002/2007
Deimhnithe Imréitigh Cánach eisithe	58,652	158,276	+170%
Feithiclí cláraithe	236,943	337,956	+43%
Ionstraimí tugtha le marcáil agus stampáil	206,856	243,053	+18%

* Baineann an figiúr sin le "cuairteanna" ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim

SPRIOC 1

A Chinntiú go gComhlíonfaidh gach Duine lena bhFreagrachtaí Cánach agus Custaim

Is é príomhsprioc an gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go gcloífidh gach duine lena bhfreagrachtaí cánach agus custaim – go n-íocfaidh siad an méid cánach agus dleachta ceart ag an am ceart agus go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí atá leagtha amach sa dlí cánach agus custaim.

Is é an cuspóir atá againn a chinntiú go mbainfear amach spriocanna bailithe cánach an Rialtais trí chórais éifeachtúla a bheith ann ó thaobh íocaíochta, comhadaithe agus bailithe fiach, agus trí fheabhas leanúnach a chur ar na leibhéil chomhlíonta. Beidh díriú riosca-bhunaithe ar iniúchadh agus ar idirghabhálacha eile agus cur i bhfeidhm smachtbhannaí iomchuí sa chás go dtiocfar ar neamh-chomhlíonadh ina chabhair leis sin.

STRAITÉISÍ

1.1 Bailiú éifeachtúil agus comhlíonadh tráthúil a chinntiú

1.2 Comhlíonadh a fheabhsú trí idirghabhálacha a bheidh saindírithe ar bhealach níos fearr

1.3 Comhlíonadh a fheabhsú trí smachtbhannaí níos fearr a chur i bhfeidhm

STRAITÉIS 1.1

Bailiú éifeachtúil agus comhlíonadh tráthúil a chinntiú

Tá Éire i measc na dtíortha is fearr san domhan a éascaíonn do cháiníocóirí a gcuid cánach a íoc agus an córas cánach a chomhlíonadh. I suirbhé an Bhainc Dhomhanda 2007 ar "Cáin a Íoc" bhí Éire rangaithe ar an tír ab airde i measc thíortha an AE maidir le híocaíocht cánach a éascú agus maidir leis na riachtanais chomhlíonta is lú trioblóide a bheith aici.

Cuireann suirbhé mar sin i gcuimhne dúinn an tábhacht don gheilleagar i gcoitinne, agus d'infheistíocht isteach go háirithe, a bhaineann le córas cánach atá éasca a chomhlíonadh, a fhreagraíonn do riachtanais cháiníocóirí agus geallsealbhóirí eile, agus a spreagann comhlíonadh deonach agus a chuireann sin chun cinn go gníomhach.

De réir caighdeán idirnáisiúnta tá ár leibhéal fiach cánach mar chéatadán de bhailiú bliantúil comhlán thar a bheith íseal chomh maith.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Spriocanna bliantúla maidir le bailiú cánach agus dleachta seachadta	• Spriocanna bliantúla maidir le toradh ó cháin agus dleachtanna bainte amach nó sáraithe
2. Bailiú fiach cánach agus dleachta níos éifeachtúla	• Beidh aon fhiach níos mó ná 3 bliain a bheidh ar fáil lena bhailiú[2] forfheidhmithe nó faoi réir ag socrú íocaíochta comhaontaithe • An leibhéal fiach ar fáil lena bhailiú mar % den bhailiú comhlán laghdaithe go dtí 1.3% faoi dheireadh 2010
3 Níos mó cánacha agus dleachtanna íoctha in am agus níos mó tuairisceán agus dearbhuithe comhadaithe in am	• Faoi dheireadh 2010, bainfear amach na rátaí comhlíonta tráthúla seo a leanas[3]:

Méid an Cháis[4]	Sprioc Mhí Dlite	Sprioc Mhí Dlite +1[5]
Cásanna Móra	95%	99%
Meánchásanna	90%	95%
Cásanna Eile	75%	85%

2 Ciallaíonn fiach atá ar fáil lena bhailiú fiach iomlán lúide fiach faoi achomharc

3 Sainítear comhlíonadh tráthúil trí úsáid a bhaint as critéir riosca, aus ríomhtar é ar bhonn ualaithe le haghaidh na bpríomh-chánacha. (ÍMAT/ÁSPC, CBL an fhostóra, cáin chorparáide, cáin ioncaim agus cáin chonarthaí ábhartha).

4 Ciallaíonn cás mór custaiméir a íocann níos mó ná €500,000 laistigh de bhliain, ciallaíonn Meánchás custaiméir a íocann idir €75,001 agus €500,000 agus ciallaíonn cás Eile custaiméir a íocann €75,000 nó níos lú.

5 Ciallaíonn Mí dlite +1 comhlíonadh laistigh de mhí amháin tar éis an dáta íocaíochta.

STRAITÉIS 1.2

Comhlíonadh a fheabhsú trí idirghabhálacha a bheidh sain-dírithe níos fearr

Laghdóimid an leibhéal imghabhála cánach agus smuigléireachta agus feabhsóimid comhlíonadh leis na córais chánach agus chustaim trí chláir iniúchta agus idirghabhálacha eile a bheidh sain-dírithe níos fearr. Is measúnú riosca agus faisnéis structúrtha a bheidh mar threallús dó sin.

In imeacht théarma an Ráitis Straitéise seo, freagróidh na Coimisinéirí Ioncaim don bhagairt a thugann smuigléireacht drugaí trí chomhoibriú a chur chun cinn agus trí fhaisnéis a mhalartú agus gréasáin ghainnéala drugaí a próifíliú go forghníomhach le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus trí idirghabhálacha oibríochtúla éifeachtacha.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Leibhéil chomhlíonta feabhsaithe de bharr cláir iniúchta agus idirghabhálacha eile a bheith níos saindírithe	• An múnla anailíse riosca "REAP"[6], a feabhsaíodh trí rialacha a athbhreithniú seasta agus trí fhoinsí sonraí nua a chur san áireamh, a úsáid mar an bpríomhuirlis i roghnú cásanna iniúchta ó 2008 agus REAP a leathnú go forchéimneach go dtí rioscaí ÍMAT, Máil agus Custaim faoi dheireadh 2010 • Clár iniúchta randamach dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de chun na bunleibhéil seachanta cánach a mheasúnú le bheith nach mór críochnaithe faoi dheireadh gach bliain. • Cláir idirghabhálacha cásanna dírithe chun cur go forchéimneach leis an gcéatadán idirghabhálacha lena mbíonn torthaí • Clár níos cuimsithí chun comhlíonadh san earnáil ÍMAT a mheasúnú a bheith ar bun faoi 2009 • Forbairt ar chlár comhlíonta CGT riosca-bhunaithe, ag tosú in 2008 • 15 tionscadal ar a laghad curtha i bhfeidhm in imeacht shaolré an Ráitis seo chun leibhéil chomhlíonta le faoisimh áirithe cánach agus dleachta, díolúintí agus scéimeanna eile, a thomhas

6 Meastóireacht Anailíse agus Próifílithe Riosca

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
	• Cumas iniúchta ríomhaireachta a bheith leathnaithe agus feabhsaithe go mór, ag tosú in 2008 • Cód Cleachtais d'iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim a athbhreithniú in 2008 agus Cód athchóirithe a chur i bhfeidhm in 2009
2. Freagra éifeachtach ar an méadú ar smuigléireacht drugaí	• Pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla ar leithligh chun cur leis an ráta rathúlachta maidir le toirmeasc drugaí (breithniú ar scanáil coimeádán agus acmhainn muirí le bheith san áireamh) le bheith críochnaithe go luath in 2008
3. Freagra éifeachtach ar an méadú ar smuigléireacht toitíní	• Díriú ar ionaid scaipthe do thoitíní smuigleáilte • Méadú 50% ar ghabhálacha toitíní smuigleáilte
4. Laghdú ar sheachaint máil ola agus alcóil, cáin clárúcháin feithiclí agus trádáil in earraí góchumtha	• Réim stóir tionónta nua a chur i bhfeidhm in 2008[7] • Díriú níos fearr ar oibríochtaí forfheidhmithe a léiriú trí níos mó gabhálacha • Dlúth-chomhoibriú le húdaráis Chustaim agus Máil na Banríona maidir le míúsáid trasteorann
5. Úsáid níos fearr a bhaint as foinsí faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim	• Staidéar féidearthachta ar bhainistiú foinsí faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim a chríochnú in 2008 le súil agus comhordú agus monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fhorbairtí
6. Níos mó dúshlán ar scéimeanna seachanta cánach	• Ardú suntasach ar an líon fógraí alt 811 arna n-eisiúint

7 Faoi réir ag ceadú an Oireachtais

STRAITÉIS 1.3

Feabhas a chur ar chomhlíonadh trí smachtbhannaí iomchuí a fheidhmiú

Tá an pobal i dteideal a bheith ag súil go mbeidh mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh le reachtaíocht cánach agus custaim go mbraithfidh na Coimisinéirí Ioncaim orthu ar an gcéad dul síos agus go gcuirfear smachtbhannaí iomchuí orthu chomh maith. D'fhéadfadh mainneachtain ó thaobh neamh-chomhlíonadh agus imghabháil tromchúiseach a bhrath agus pionós a ghearradh orthu, agus ó thaobh dúshlán a thabhairt ar dhianseachaint cánach cur isteach go mór ar mhuinín an phobail as an gcóras cánach agus as rialacháin chustaim. Mar chuid d'aon fhreagra éifeachtach ar na saincheisteanna sin ní mór dúinn leas a bhaint as an éifeacht a bhíonn ag níos mó ionchúiseamh coiriúil a ghlacadh mar dhíspreagadh sa chás go mbíonn go leor fianaise ann chun tacú le hionchúiseamh, agus chun an réim phionóis shibhialta a nuashonrú.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Tuilleadh ionchúiseamh d'imghabháil tromchúiseach agus do chionta Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim eile	• 40 cás de chionta tromchúiseacha a ghlacadh[8] gach bliain le himscrúdú le súil agus ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh • An líon ionchúiseamh achoimre mar gheall ar neamh-chomhlíonadh oibleagáidí cánach agus custaim a mhéadú gach bliain • An raon ionchúiseamh a leathnú chun ionchúisimh ar chúis amháin a chur san áireamh, mar shampla mainneachtain leabhair chuí a choinneáil, nó sonraisc CBL a eisiúint, srl.
2. Dreasacht chun idirbhearta seachanta cánach a nochtadh a mhéadú	• Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na forála frith-sheachanta ginearálta faoi "Alt 811" agus ar fheidhmiú na scéime a bhaineann léi d'fhógraí cosanta faoi "Alt 811A" • Reachtaíocht bheartaithe chun cur leis an dreasacht ó thaobh idirbhearta seachanta a nochtadh faoi scéim fógraí cosanta Alt 811A
3. Ár gcórais a athfhorbairt le haghaidh forfheidhmiú úis agus bailithe.	• Córais IT nua a chur i bhfeidhm chun cur le tráthúlacht aitheantais agus idirghabhála cásanna: * maidir le cásanna faoi réir ag ús, in 2008 * maidir le cásanna faoi réir ag forfheidhmiú, in 2009

8 Coiste Glactha Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim

SPRIOC 2

Seirbhís nuálach d'ardchaighdeán a chur ar fáil a thacóidh lenár gcustaiméirí go léir

Cabhraítear go mór le comhlíonadh deonach má thuigeann gnólachtaí agus daoine aonair a n-oibleagáidí cánach agus custaim. Tá freagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim eolas soiléir agus tacaíocht teicniúil a sholáthar, agus an córas a dhéanamh chomh éasca don úsáideoir agus is féidir.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do chustaiméirí. Deimhníonn aiseolas a fuaireamar é sin, lena n-áirítear aiseolas ó shuirbhéanna. Le blianta beaga anuas, tá raon nuálach de sheirbhísí leictreonacha agus eile curtha ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim, seirbhísí a thugann deiseanna dár gcustaiméirí idirghníomhú linn ar bhealaí éagsúla.

Trí roghanna féin-seirbhíse níos nuálaí agus seirbhís do chustaiméirí níos fearr fós a chur ar fáil, chomh maith le hoideachas agus cabhair níos fearr a thabhairt do cháiníocóirí, is é an aidhm atá againn, a mhéid is mó agus is féidir, cabhrú lenár gcustaiméirí an méid cánach agus dleachta ceart a íoc. Is mian linn go mbeidh a fhios acu faoina dteidlíochtaí agus is mian linn spreagadh agus éascaíocht a thabhairt dóibh maidir lena gcuid teidlíochtaí a éileamh.

STRAITÉISÍ

2.1 Cabhrú le custaiméirí an méid ceart a íoc agus a gcuid teidlíochtaí a fháil

2.2 É a dhéanamh chomh héasca agus is féidir gnó a dhéanamh linn

STRAITÉIS 2.1

Cabhrú le custaiméirí an méid ceart a íoc agus a gcuid teidlíochtaí a fháil

Tá freagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim cabhrú lenár gcustaiméirí, idir dhaoine aonair agus ghnólachtaí, a gcuid teidlíochtaí a fháil agus gan ach an méid ceart cánach agus dleachta a íoc.

Ní mór dúinn a bheith níos fearr ag míniú an tslí a n-oibríonn na córais chánach agus chustaim, cad is creidmheasanna cánach ann agus an tslí le cáiliú dóibh.

Ní mór dúinn freisin é a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí a gcuid teidlíochtaí a éileamh.

Beidh orainn mar sin bealaí nua agus samhlaíocha a fhorbairt chun idirghníomhú le custaiméirí, mar shampla, tuilleadh creidmheasanna cánach a thabhairt go huathoibríoch nó éileamh a mholadh de bharr faisnéise a bheadh ar fáil dúinn cheana féin. Beidh cuid den chur chuige nua sin bunaithe ar tuilleadh faisnéise agus cumarsáide sainoiriúnaithe a chur ar fáil.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Níos mó feasachta ar custaiméirí faoina gcuid teidlíochtaí agus scaipeadh cumarsáide agus faisnéise a bheith dírithe níos fearr ar riachtanais aonair.	• Ár láithreán gréasáin a athdhearadh ar fad chun feabhas a chur ar chaighdeán agus tráthúlacht faisnéise agus chun faisnéis agus seirbhís a chur i láthair ar bhonn níos sainoiriúnaithe in 2008 • An líon feachtas faisnéise ar chórais chánach agus chustaim a reáchtáiltear go háitiúil agus go náisiúnta agus an líon custaiméirí a shroicheann na feachtais sin, lena n-áirítear cláir dírithe ar dhaoine nach náisiúnaithe de chuid na hÉireann iad • Cáilíocht faisnéise feabhsaithe bunaithe ar chaighdeán Béarla simplí a bheith ar fáil do gach custaiméir, arna bailíochtú ag suirbhéanna custaiméirí agus aiseolas structúrtha ó ghrúpaí ionadaithe • Bealaí féin-seirbhíse ÍMAT a bheidh níos éasca le húsáid as a leanfaidh glacadh níos airde le sprioc de 300,000 ag úsáid na seirbhíse uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi dheireadh 2010 • Creidmheasanna cánach agus faoisimh eile tugtha níos mó agus níos mó ar bhonn uathoibrithe nó de bharr sonraí tríú páirtí. Dul chun cinn suntasach air sin i rith 2008 • Ag tosú in 2008 anailís a dhéanamh ar ár mbunús custaiméirí le súil agus: * cumarsáid níos sainoiriúnaithe agus saindírithe a chur ar fáil * glacadh le creidmheasanna agus faoiseamh a optam

STRAITÉIS 2.2

É a dhéanamh chomh héasca agus is féidir gnó a dhéanamh linn

Tá sé ríthábhachtach é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir dár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn má táimid chun comhlíonadh deonach a uasmhéadú. Cabhraímid le costais chomhlíonta, rud a chuireann le hiomaíochas an gheilleagair. Is léir ó aiseolas custaiméirí, suirbhéanna san áireamh, go bhfuil feabhas nach beag tagtha ar ár seirbhís agus ar an méid a chuirimid le costais chomhlíonta a íoslaghdú le blianta beaga anuas. Tá luach againn ar aiseolas den sórt sin go príomha mar bhealach chun réimsí dár n-oibríochtaí a bhfuil níos mó airde orthu ag teastáil a aithint.

Is féidir le custaiméirí cabhrú linn a bheith níos éifeachtúla trí bhealaí leictreonacha a úsáid nuair is féidir leo.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Raon bealaí seirbhíse agus féin-seirbhíse ar fáil dár gcustaiméirí	• Cur le húsáid agus feidhmiúlacht Sheirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), lena n-áirítear: * ríomhchlárú do na príomhchánacha gnó ó 2009 * ríomh-Dhleacht Stampála faoi dheireadh 2009 * ríomh-RCT faoi 2010 • Ríomhchomhadú éigeantach a chur i bhfeidhm, tar éis comhairliúcháin, i gcásanna iomchuí ar bhonn céimnithe in 2009 • Ár gcóras bainistithe caidrimh custaiméirí ÍMAT (an "córas iC") a bhfuil ag éirí go maith leis, a leasú agus a leathnú chuig cánacha gnó chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chuideachtaí agus do dhaoine féinfhostaithe • Ár seirbhís teileafóin 1890 a fhorbairt, nuair a bhíonn sin éifeachtach ó thaobh costais de, chun freagairt d'éilimh atá ag teacht chun cinn • Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ina leith

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
2. Córas cánach agus máil cothrom le dáta atá simplithe, sofhreagrach agus a íoslaghdaíonn costais chomhlíonta	• Cur go gníomhach le clár oibre athchóirithe rialála an Rialtais • An líon tograí sonracha a bhíonn tugtha chun cinn gach bliain chun nósanna imeachta, próisis, foirmeacha agus rialacha cánach agus máil a shimpliú • Athbhreithniú ar ábharthacht oibleagáidí comhlíonta áirithe do chustaiméirí sa chás go léiríonn stair chomhlíonta riosca fíor-bheag • Cúl-mhuirear do CBL san earnáil tógála a chur i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair 2008[7] • Aon réim nua a chur i bhfeidhm ar bhonn leictreonach nuair is praiticiúil sin • Córais ríomhaireachta nua chun cáin Ioncaim a mheasúnú ar bun faoi lár-2008 agus córas chun cáin Chorparáide a mheasúnú ar bun faoi lár-2009 • Ár gcórais riaracháin Dleachta Stampála agus Cháin Ábharthach Chonarthaí a athdhearadh agus a leathnú, le béim ar naisc uathoibrithe le gníomhaireachtaí eile, faoi 2009 agus 2010 faoi seach • Creat dlíthiúil aontaithe do gach gné de chánacha agus de dhualgais a leathnú amach go forchéimneach ag tosú in 2008[7] • Dréacht-chomhdhlúthú ar reachtaíocht custaim náisiúnta le críochnú faoi dheireadh 2008
3. Comhlíonadh a spreagadh trí níos mó idirchaidreamh agus idirchaidreamh níos fearr le hidirghabhálacha agus le geallsealbhóirí eile	• Próisis chomhairliúcháin agus chaidrimh ar bun leis na príomh-idirghabhálaithe go léir agus le geallsealbhóirí eile (lena n-áirítear Grúpaí Fócais ÍMAT) le súil agus caidrimh a dhéanamh níos doimhne, cur leis an tuiscint ar na córais chánach agus chustaim agus comhlíonadh a fheabhsú • Staidéar féidearthachta ar na buntáistí a bhainfeadh leis an gcreat Comhlíonta Comhoibrithe a leathnú amach chuig cásanna lasmuigh de Rannán na gCásanna Móra

SPRIOC 3

Cur le forbairt eachnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtíocht éifeachtach go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta araon

Is í an fhreagracht phríomha atá ar na Coimisinéirí Ioncaim i leith an phobail cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus dlithe cánach agus custaim a fhorfheidhmiú. Tá ról níos leithne ag na Coimisinéirí Ioncaim freisin i gcur le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann, go háirithe i gcruthú timpeallacht a chuireann fás eacnamaíochta chun cinn, a spreagann infheistíocht agus a fheabhsaíonn iomaíochas.

Ar ndóigh, tá córais chánach agus custaim atá cothrom, freagarthach agus éifeachtach, astu féin, ina bpríomhchomhábhair i gcinntiú rathúlacht eacnamaíochta agus iomaíochas idirnáisiúnta, agus tá ról lárnach ag na Coimisinéirí Ioncaim i soláthar chomhairle don Roinn Airgeadais ar athruithe ar an gcóras cánach sa Bhuiséad agus sa Bhille Airgeadais.

Oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile le cláir Rialtais a fheidhmiú agus tugann siad cuidiú gníomhach do réimse an-leathan d'fhóraim náisiúnta.

Go hidirnáisiúnta, socraíonn na Coimisinéirí Ioncaim conarthaí cánachais dhúbailte, atá rí-thábhachtach dár n-iomaíochas idirnáisiúnta agus d'infheistíocht isteach, agus cuirimid le forbairt polasaithe cánach agus custaim agus le reachtaíocht ag an AE, an OECD agus an An Eagraíocht Dhomhanda Chustam (WCO). Is é ár gcuspóir sa chás seo tionchar dearfach a bheith againn agus cuidiú a thabhairt ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfeidhmiú clár agus polasaí Rialtais.

STRAITÉISÍ

3.1 Cur go héifeachtach le saincheisteanna eacnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir Rialtais

3.2 Rannpháirtiocht ghníomhach go hIdirnáisiunta le suil le cur le comhoibriú Canach agus Custaim

STRAITÉIS 3.1

Cur go héifeachtach le saincheisteanna eacnamaíochta agus shóisialta trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcláir Rialtais

Tá páirt dhearfach agus thiomanta ag na Coimisinéirí Ioncaim i réimse leathan de ghníomhaíochtaí Rialtais agus de ghníomhaíochtaí Tras-Rannach. Go háirithe, oibríonn muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais i bhforbairt an Bhuiséid agus na hAchtanna Airgeadais.

Comhoibríonn muid go dlúth leis an Garda Síochána, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis an Aerchóir sa troid i gcoinne smuigléireacht drugaí aindleathacha agus coiriúlacht eagraithe.

Déanann na Coimisinéirí Ioncaim tascanna "gníomhaireachta" thar ceann comhlachtaí Stáit eile ar a n-áirítear bailiú ÁSPC, tobhaigh sláinte agus Tobhach Comhshaoil ar mhálaí plaisteacha. Tá dlúthbhaint ag ár seirbhís Chustaim le feidhmiú an Chomhbheartas Talmhaíochta agus le cosc a chur ar allmhairiú earraí atá toirmiscithe, srianta nó góchumtha go háirithe.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Reachtaíocht éifeachtach cánach agus custaim	• Soláthar tráthúil, in ábhair Bhuiséid, Bille Airgeadais agus ábhair reachtaíochta eile laistigh de réimsí freagrachta na gCoimisinéirí Ioncaim * comhairle polasaí atá cothrom, soiléir agus cuimsitheach * staitisticí, costálacha agus réamhaisnéisí cruinne * réacht-reachtaíocht gur féidir oibriú léi atá in ann d'iniúchadh mionsonraithe agus atá deartha ar bhealach gur féidir a thuiscint agus atá éasca le húsáid ó thaobh ríomhaire de • CBL nua ar rialacha maoine a fheidhmiú faoi Iúil 2008[7] • Acht CBL nua a fhorbairt faoi dheireadh 2009 le nuachóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht reatha[9] • Córas astuithe-bhunaithe nua VRT a chur ar bhun faoi 2008[7] • Pacáiste CBL a fheidmhiú do "Business to Business" faoi 2010[9]

9 Faoi réir ag ceadú an Aire Airgeadais, an Rialtais agus an Oireachtais

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
2. Cláir náisiúnta agus tionscnaimh eile a léiríonn inchur na gCoimisinéirí Ioncaim	• Dul i gcomhairle go dearfach leis an gCoimisiún um Chánachas, ar a n-áirítear soláthar eolais, staitisticí, anailís, agus tacaíochtaí eile, mar is gá • Oibriú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le tacaíocht a thabhairt le Rialtóir Carthanachta[7] a bhunú go héifeachtach, faoi réir ag reachtaíocht
3. Gníomhaíochtaí custaim a éascaíonn trádáil dhlisteanach a mhéid agus is féidir ag teacht lenár bhfreagrachtaí slándala agus frith-smuigléireachta	• Tionchar ar fhorbairt polasaí maidir leis an slabhra soláthair slándála leis an gcothromaíocht chuí a bhaint amach idir gluaiseacht earraí a rialú agus éascú a dhéanamh ar ghluaiseacht thrádála dhlisteanach • Feidhmiú éifeachtach an chlár Oibreoir Eacnamaíoch Údaraithe faoi dheireadh 2008
4. Soláthar éifeachtach de sheirbhísí gníomhaireachta a chur ar fáil thar ceann Ranna agus Oifigí eile	• Seirbhísí gníomhaireachta a fheidhmiú de réir chaighdeáin aontaithe • Tascanna nua gníomhaireachta a mheas ar bhonn a bhfiúntas, a d'fhéadfadh a bheith á seachadadh ag na Coimisinéirí Ioncaim

STRAITÉIS 3.2

Rannpháirtiocht ghníomhach go hIdirnáisiunta le suil le cur le comhoibriú Cánach agus Custaim

Tá an fás atá tagtha ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar infheistíochtaí, ar dhomhandú[10], ar úsáid tearmainn chánach, ar Ríomhthráchtáil trasteorann, ar chalaois chánach trasteorann, ar smuigléireacht drugaí aindleathacha agus údar imní maidir le slándáil ar an teorainn ar fad ina ndúshláin mhóra d'Éirinn i dtéarmaí freagraí cuí a fhorbairt.

Tá ról gníomhach ag na Coimisinéirí Ioncaim i bhforbairt freagraí cuí do na dúshláin seo. Go háirithe, mar go bhfuil comhoibriú idirnáisiúnta níos mó idir riarachán cánach agus custaim ina chuid ríthábhachtach d'aon fhreagra le tabhairt faoi choiriúlacht a bhaineann le cáin agus custaim trasteorann. Bhí páirt á glacadh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus beidh amach anseo i gcothú agus i bhforbairt comhoibriú idirnáisiúnta níos mó sna réimsí seo.

Socraímid conarthaí cánachais dhúbailte agus cuirimid le forbairt polasaithe agus le reachtaíocht chánach agus custaim ag an AE, an OECD agus an Eagraíocht Dhomhanda Chustam (WCO). Agus sin á dhéanamh againn, tugaimid faoi deara an riachtanas atá ann Éire a chur chun cinn mar shuíomh infheistíochta isteach agus lena chinntiú go bhfuil an cóimheá ceart á aimsiú idir imní maidir le slándail agus éascú trádála.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Moltaí polasaí agus reachtaíocht AE a léiríonn leasa na hÉireann an méid agus is féidir a bhaint amach	• Cód Custaim AE nua-aimseartha a fhorbairt agus é a fheidhmiú go héifeachtach go náisiúnta • Plean Straitéiseach Ilbhliantúil AE (MASP) do Chustaim a fheidhmiú de réir tráthchlár an AE • Rannpháirtíocht iomlán, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais i dtionscnaimh chánach AE ar a n-áirítear: * Treoir nua ar CBL agus ar Sheirbhísí Airgeadais * rialacha nua ar chomhoibriú trasteorann a fheabhsú chun dul i ngleic le calaois CBL * Cód Iompair do Ghnó Cánachais * Cáin Cláraithe Feithiclí * Athbhreithnithe ar Threoracha Mál • Údair imní phraiticiúla agus ar bhonn prionsabal atá ag Éire i ndáil le moltaí cánachais ón Aontas Eorpach a chur in iúil ag AE agus in áiteanna eile

10 I 1990 ba é líon measta fiontair ilnáisiúnta ná 3,000; faoi 2007 tháinig méadú de go hárd os cionn 63,000 ar an líon a bhí ann (foinse: OECD)

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
2. Tionchar a imirt ag an OECD, ag WCO agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile ar dhéanamh polasaí i gcomhar le polasaí an Rialtais	• An méid ina bhfuil ár n-ionchur léirithe i gcórais feidhmithe an OECD, WCO agus i dtionscnaimh idirnáisiúnta cánach agus custaim
3. Líonra níos leithne agus níos nua-aimseartha conarthaí cánachais dhúbailte agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile a éascaíonn infheistíocht, trádáil idirnáisiúnta in earraí agus i seirbhísí, agus a thacóidh leis an troid i gcoinne imghabháil cánach agus coiriúlacht trasnáisiúnta eile	• Ag tógail san áireamh go bhfuil socruithe dhá-thaobhach de réir nádúir, dlús a chur le leathnú ár líonra conartha cánach thar chúrsa an ráiteas straitéise seo mar a leanas: * Conarthaí Nua siníthe le 16 tír * Conarthaí socraithe arís le 4 thír * Socruithe tionscnaithe le 16 tír * Tacú le himscrúduithe in imghabháil chánach, síníodh 3 Chomhaontú Malartaithe Faisnéise Cánach i 2008
4. Cúnamh teicniúil le soláthar do riaracháin chánach agus custaim agus do chomhlachtaí eile (OECD, WCO, srl)	• Leibhéal agus caighdeán an chúnaimh theicniúil idirnáisiúnta a sholáthraítear, mar atá tomhaiste ag aiseolas struchtúrtha • Cuairteanna ar Éirinn ag riaracháin eile a éascu le staidéar a dhéanamh ar riaradh cánach in Éirinn agus teicnící riaracháin eile

SPRIOC 4

Ár bhfoireann, ár bpróisis agus ár dteicneolaíocht a fhorbairt lena chinntiú gur eagraíocht chumasach sinn a thugann aird ar riachtanais agus a bhíonn dírithe ar thorthaí a bhaint amach

D'fhonn ár dtrí mhórsprioc gnó a bhaint amach, ní mór gur eagraíocht chumasach, so-athraitheach a bheadh sna Coimisinéirí Ioncaim, eagraíocht a bheadh dírithe ar thorthaí a bhaint amach. Ní mór go n-áireofaí ar ár dtosaíochtaí foireann chumasach a fhorbairt, go háirithe cumas na ndaoine is deireanaí a thagann isteach san eagraíocht, agus ní mór go n-áireofaí, freisin, infheistíocht leanúnach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT).

Ní mór dúinn leanúint le saineolas agus le scileanna a fhorbairt agus ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar aon scileanna agus ar aon bhuanna atá de dhíth orainn chun go bhféadfaimid an eagraíocht a fhorbairt agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Ní mór go leanófar lenár struchtúir eagraíochta a chur in oiriúint agus a fhorbairt de réir mar a thagann athrú ar chúinsí.

Ní mór go mbeadh ár ICT, go háirithe, i gcomhréim go mór, i gcónaí, le riachtanais ár gcuid custaiméirí agus lenár riachtanais féin ó thaobh an ghnó agus ní mór go mbainfí leas, i gcónaí, as aon deiseanna nua.

Beimid ag iarraidh an luach is mó is féidir a bhaint as ár gcuid infheistíochtaí sna réimsí sin d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochta.

STRAITÉISÍ

4.1 Ár bhfoireann a fhorbairt

4.2 An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus as ár struchtúir eagraíochta

STRAITÉIS 4.1

Ár bhfoireann a fhorbairt

Ba ríthábhachtach iad na scileanna agus an taithí a bhí ag ár bhfoireann, mar aon lena dtiomantas don obair, lena ndea-thoil agus lena mbród as a gcuid saothair, maidir le cur ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim sár-thorthaí a bhaint amach agus smacht a fháil ar an méadú ollmhór a tháinig ar líon ár gcustaiméirí agus ar líon an ghnó a bhí le próiseáil againn le blianta beaga anuas.

Agus sinn ag druidim le seirbhís custaiméirí níos gníomhaí a sholáthar, chomh maith le cur chuige atá bunaithe níos mó ar riosca agus ar anailís i gcás an chomhlíonta, ní mór dúinn infheistíocht níos mó arís a dhéanamh i bhforbairt scileanna – trí dhíriú ar oiliúint, ar oideachas agus ar earcú – chun dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann leis an modh oibre nua.

Is ansa linn i gcónaí na prionsabail a thacaíonn leis an bpróiseas comhpháirtíochta. Mar sin déanaimid iarracht ar stíl bhainistíochta oscailte, inoiriúnaithe a chothú, stíl bhainistíochta a spreagann comhchomhairle, nuálaíocht agus comhoibriú.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Foireann a bhfuil an-fhonn orthu agus ard-oiliúint orthu agus a bhfuil ar a gcumas oibriú i dtimpeallacht a mbíonn dúshlán ag baint leis.	• Scileanna ríthábhachtacha atá de dhíth a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh faoi dheireadh na bliana 2008 agus cláir chuí a sheachadadh a chuirfeadh le cumas na gCoimisinéirí Ioncaim dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana agus le dúshláin a bheidh ag teacht chun cinn • Tacú le soghluaiseacht foirne agus le cláir malartaithe a chuireann deiseanna ar fáil do bhaill foirne scileanna nua a fhoghlaim agus dearcadh nua a fháil, iad araon a chuireann lena bhforbairt gairme • Úsáid a bhaint as próiseas comhpháirtíochta chun cur le hionchur na foirne agus an Cheardchumainn maidir le tionscnaimh athraithe a aithint agus a chur i bhfeidhm • Cur chuigí nua i ndáil le roghnúchán agus le hardú céime a chur i bhfeidhm de réir a chéile • Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar PMDS mar shásra chun pleananna oibre pearsanta a chur i gcomhréim le cuspóirí gnó agus chun riachtanais forbartha aonair na mball foirne a aithint

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
	• An leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a eascraíonn ón gclár Díláraithe trí leas a bhaint as scileanna na ndaoine nua ar a bhfoireann agus trí oiliúnt agus trí mheantóireacht shainiúil a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim in am cuí.
2. Eagraíocht ag a bhfuil meon dearfach agus a thugann aird ar éagsúlacht agus atá tiomanta do chomhionannas deiseanna i gcás na mball foirne go léir	• Measúnú a dhéanamh ar phróisis roghnúcháin agus ardaithe céime agus aghaidh a thabhairt ar aon bhaic rannpháirtíochta • An sprioc seo a leanas a bhaint amach lena chinntiú go mbeidh dóthain ban sna gráid shinsearacha:

Grád	Deireadh 2009	Deireadh 2010
HEO/AO	48%	50%
AP	28%	30%
PO	23%	27%

STRAITÉIS 4.2

An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus as ár struchtúir eagraíochta

Chun tacú go héifeachtach lenár gcuid straitéisí, ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim forbairt go leanúnach mar eagraíocht. Cuireann na hathruithe a tháinig ar ár dtimpeallacht oibre le blianta beaga anuas iallach orainn ár struchtúir a fheabhsú agus a fhorbairt seasta agus cuirtear iallach orainn féachaint ar mhodhanna oibre nua agus nuálacha. Leanfar leis an obair sin.

Is gné lárnach d'oibríocht na gCoimisinéirí Ioncaim í Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) agus tá fíorthábhacht ag baint léi maidir lenár Spriocanna a bhaint amach. Tá na Coimisinéirí Ioncaim go mór chun cinn maidir leis an leas is fearr a bhaint as teicneolaíocht chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí, chun leas a bhaint as cláir chomhlíonta éifeachtacha agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as bailiú ioncaim.

Éilítear le roinnt mhaith de na cuspóirí atá leagtha síos againn dúinn féin sa Ráiteas Straitéise seo úsáidí nua agus samhlaíocha a bhaint as ICT, go háirithe iad sin a bhaineann lenár ngealltanais maidir le seirbhís do chustaiméirí agus lenár gcur chuige riosca-bhunaithe chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh. Tá roinnt mhaith de na forbairtí nua ICT sin leagtha amach in áiteanna eile tríd an ráiteas seo, lena n-áirítear seirbhísí nua ar-líne don phobal agus freagra na hÉireann ar chlár Straitéis Ilbhliantúil an AE (MASP). Leagtar amach anseo na réitigh ICT sin ar féidir leo feabhas a chur ar ár gcuid táirgiúlachta agus ar ár dtimpeallacht oibríochta.

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
1. Úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní	• Acmhainní a chur i gcomhréim, ar bhonn leanúnach, le tosaíochtaí gnó, ag díriú, go háirithe, ar 7% ar a laghad de bhaill foirne a athlonnú ó Rannáin Náisiúnta agus Tacaíochta chuig oibríochtaí tosaigh i gcaitheamh saolré an Ráitis Straitéise seo • Moltaí sainiúla a fhorbairt maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as coigiltis riaracháin faoi Mhárta 2008 faoin Athbhreithniú Éifeachtachta ar Chaiteachas Riaracháin arna fhógairt i mBuiséad 2008 • Athbhreithniú a dhéanamh, gach bliain, ar 8 gcinn ar a laghad de struchtúir eagraíochta agus riaracháin agus de phróisis ghnó, agus iad a choigeartú, más gá, chun cur, chomh mór agus is féidir, le héifeacht agus le héifeachtúlacht na heagraíochta

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
	• Coigiltis acmhainní ó thionscnaimh athraithe a aithint ar shlí níos eagraithe le súil agus leas a bhaint as na coigiltis arís chun ár gcumas gnó agus ár bhfeidhmíocht ghnó a fheabhsú • An cleachtas is fearr a chinntiú maidir le cuntasaíocht, le baincéireacht agus le buiséadú i gcás na gcistí a thagann faoinár gcoimirce
2. Forbairt straitéise, pleanáil ghnó agus tomhas feidhmíochta níos éifeachtaí	• I gcaitheamh thréimhse an ráitis straitéise sin déanfaimid iniúchadh ar chóras measúnaithe ar thorthaí corparáide a chuirfidh leis an bpróiseas pleanála agus leis an gcóras tomhais feidhmíochta atá i bhfeidhm againn cheana • Cur chuige a fhorbairt i ndáil le measúnú straitéiseach (measúnú ar an gclár iomlán a bheadh i gceist) agus i ndáil leis an gcaidreamh idir é agus measúnú oibríochta agus leis an idirghníomhú eatarthu • Teimpléad Phleanáil Gnó IT-bhunaithe, a bheadh níos éifeachtaí agus níos fusa le húsáid a fhorbairt i 2008, teimpléad a bheifear a úsáid ag leibhéil Brainse, Rannáin agus Corparáide
3. Cumarsáid inmheánach níos fearr lena chinntiú go mbíonn riachtanais reachtúla agus riaracháin i gcomhréim	• Úsáid níos fearr a bhaint as gréasáin chun caint inmheánach agus comhchomhairle idir Príomh-Rannáin agus Rannáin Oibríochta a fheabhsú agus a bhainistiú
4. Feidhmiú chlár oibre nuachóirithe na státseirbhíse	• Feidhmiú Phlean gnímh na gCoimisinéirí Ioncaim faoi "I dTreo 2016" • Aghaidh a thabhairt ar na moltaí agus ar na smaointe iomchuí a eascraíonn as athbhreithniú an OECD ar éifeachtacht na státseirbhíse • A bheith rannpháirteach i gClár Athbhreithnithe Eagraíochta an Rialtais agus aghaidh a thabhairt ar na moltaí a eascraíonn as

ASCHUIR	TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
5. An leas is fearr a bhaint as ICT inár bpróisis ghnó	• Leanúint lenár straitéis ICT 2006-2008 a chur i bhfeidhm, agus Straitéis nua do 2009-2011 á hullmhú faoi Nollaig 2008 • Sochar iomlán a bhaint as polasaí a ilfhoinsiú do ICT seachtrach i gcomhar le leathnú agus athfhorbairt scileanna roghnaithe intí • Cláir dheimhnithe leanúnacha i gcás slándála, i gcás chosaint sonraí, i gcás leanúnachas gnó agus forbairt córas de réir chaighdeáin idirnáisiúnta • Ár gcreataí oibre riaracháin cánach ICT-bhunaithe a fhorbairt de réir dhea-chleachtas tionsclaíochta agus de réir theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear * VRT, Ceadúnú Máil agus CAT arna dtabhairt isteach i Seirbhísí Cánachais Lánpháirtithe * An chéad ghlúin eile de réiteach ar Chás-bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim a fhorbairt
6. Córais fheabhsaithe chun tacú le léargas chustaiméirí, le bainistiú faisnéise agus le hanailís chustaiméirí	• Cláir phróifílithe agus deighilte a fhorbairt le go gcuirfí feabhas ar sheirbhís do chustaiméirí agus chun díriú níos fearr ar riachtanais fhaisnéise agus ar oibríochtaí comhlíonta • Córais nua agus córais fheabhsaithe bhainistithe ábhar, agus córais bhainistithe cuardaigh agus eolais, córais a mbíonn leas corparáideach agus oibríochta á mbaint astu

Cuntas a Thabhairt ar ár bhFeidhmíocht

Chomh maith leis na córais chánach agus chustaim a riaradh, táimid freagrach as cuntas a thabhairt ar an ioncam go léir a bhailítear agus as an nglanmhéid a asitriú isteach sa Státchiste chomh maith. Tríd is tríd, bailíodh ioncam comhlán thart ar €67 billiún in 2007. Táimid freagrach as buiséad riaracháin a chaitheamh agus cuntas a thabhairt air chomh maith. Breis ar €445 milliún a bheidh i gceist do 2008.

D'fhonn muinín as an riaradh a dhéanaimid ar na córais chánach agus chustaim agus chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach na n-acmhainní a leithroinntear orainn a chinntiú, caithfimid cuntas a thabhairt ar ár bhfeidhmíocht ar bhealach oscailte, trédhearcach agus poiblí. Go sonrach, tugaimid cuntas ar ár bhfeidhmíocht mar seo a leanas:

AN TAIRE AIRGEADAIS

Tuairiscímid don Aire Airgeadais inár dTuarascálacha Bliantúla ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na haschuir a shonraítear inár Ráiteas Straitéise.

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (C&AG)

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchtaí leanúnacha ar ár bhfáltais, ar ár gcaiteachas agus ar ár gcórais, nósanna imeachta agus cleachtais. Déanann sé scrúduithe Luach ar Airgead ar fheidhmeanna agus cláir áirithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Foilsítear torthaí na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe sin i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

COISTÍ THITHE AN OIREACHTAIS

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, téann ár gCathaoirleach faoi bhráid an Choiste Cuntas Poiblí go rialta chun déileáil le saincheisteanna a ardaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Bhliantúil agus aon ní eile a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí is mian leis an gcoiste a scrúdú.

Téann oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim faoi bhráid choistí eile de chuid Thithe an Oireachtais chomh maith, mar shampla an Coiste Airgeadais agus an tSeirbhís Phoiblí.

INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a riarann dlí custaim an AE. Táimid cuntasach freisin do Choimisiún na hEorpa agus do Pharlaimint na hEorpa.